# RE-BONE®

## IONADAÍ CNÁIMHE ATH-INSÚITE LE BUNÚS BUAIBHEACH
(feiste steiriúil aon uaire).

UBGEN | SPECIALISTS OF BONE SURGERY IN DENTISTRY

GA

### Sprioc úsáidí

Tá an t-ionadaí cnáimhe ath-insúite RE-BONE® beartaithe a bheith úsáidte le linn máinliacht bhéil-mascailleach-ghnúiseach, ionphlandeolaíocht, pearadointeolaíocht, máinliacht bhéil agus ionódóntaic, chun a bheith mar thaca ag athghiniúint treoraithe cnámha agus fíocháin, chun ionphlandaí a chosaint agus chun athghiniúint a dhéanamh ar fhíocháin pearódóntach.
Tairgtear RE-BONE® le cnáimhe buaibheacha i bpróiseas íonú atá caighdeánaithe agus rialaithe. Faightear an chnámh ó eallach rialaithe ag an tSeirbhís Tréidliachta, déantar í a íonú, a díbhealú, a lióifiliú agus a steiriliú go mionchúiseach trí chóireáil radaíocht ianaithe.
Braitheann an t-aga chun ionadú a chríochnú ar athróga anatamaíocha (ceangail idir dhromchla bheathchnámh agus toirt den láithreán nódaithe) chomh maith le tosca aonaire atá athraitheach ó othar go hothar, agus tógann sé idir 6 agus 8 mhí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Fial gráinníní coirtéiseacha spúinseacha** | | | |
| **BMREBONE** | **00A** 0,25 g - < 0,25 mm | **01A** 0,25 g - 0,25-1,00 mm | |
| | **00B** 0,50 g - < 0,25 mm | **01B** 0,50 g - 0,25-1,00 mm | **01E** 0,50 g - 1-2 mm |
| | **00C** 1,00 g - < 0,25 mm | **01C** 1,00 g - 0,25-1,00 mm | **01F** 1,00 g - 1-2 mm |
| | **00D** 2,00 g - < 0,25 mm | **01D** 2,00 g - 0,25-1,00 mm | **01G** 2,00 g - 1-2 mm |
| | **00DA** 5,00 g - < 0,25 mm | **01DA** 5,00 g - 0,25-1,00 mm | **01H** 5,00 g - 1-2 mm |
| **Fial gráinníní spúinseacha** | | | |
| **BMREBONE** | **00E** 0,25 g - < 0,25 mm | **01I** 0,25 g - 0,25-1,00 mm | |
| | **00F** 0,50 g - < 0,25 mm | **01J** 0,50 g - 0,25-1,00 mm | **01M** 0,50 g - 1-2 mm |
| | **00G** 1,00 g - < 0,25 mm | **01K** 1,00 g - 0,25-1,00 mm | **01N** 1,00 g - 1-2 mm |
| | **00H** 2,00 g - < 0,25 mm | **01L** 2,00 g - 0,25-1,00 mm | **01O** 2,00 g - 1-2 mm |
| | **00HA** 5,00 g - < 0,25 mm | **01LA** 5,00 g - 0,25-1,00 mm | **01P** 5,00 g - 1-2 mm |
| **Fial gráinníní coirtéiseacha** | | | |
| **BMREBONE** | **00I** 0,25 g - < 0,25 mm | **01Q** 0,25 g - 0,25-1,00 mm | |
| | **00J** 0,50 g - < 0,25 mm | **01R** 0,50 g - 0,25-1,00 mm | **01U** 0,50 g - 1-2 mm |
| | **00K** 1,00 g - < 0,25 mm | **01S** 1,00 g - 0,25-1,00 mm | **01V** 1,00 g - 1-2 mm |
| | **00L** 2,00 g - < 0,25 mm | **01T** 2,00 g - 0,25-1,00 mm | **01W** 2,00 g - 1-2 mm |
| | **00LA** 5,00 g - < 0,25 mm | **01TA** 5,00 g - 0,25-1,00 mm | **01X** 5,00 g - 1-2 mm |
| **Bloicín** | | | |
| **BMREBONE** | **02A** 10x10x10 mm | | |
| | **02B** 10x10x20 mm | | |
| **Steallaire** | | | |
| **BMREBONE** | **03A** 0,25 g - 0,25-1 mm | **03BA** 1,00 g - 0,25-1 mm | **03CA** 1,00 g - 1-2 mm |
| | **03B** 0,5 g - 0,25-1 mm | **03BB** 1,50 g - 0,25-1 mm | **03CB** 1,50 g - 1-2 mm |
| | **03C** 0,5 g - 1-2 mm | **03BC** 2,00 g - 0,25-1 mm | **03CC** 2,00 g - 1-2 mm |

*Tá na cóid go léir a thaispeántar sa tábla ar fáil freisin i bpacáistí de 6 phíosa, cé is moite de bhlocanna agus de steallairí.*

### Tásca teiripeacha

Moltar RE-BONE® a úsáid ina aonair nó in éineacht le h-ábhair athghiniúinti feiliúnacha (m.sh. cnámh uathlógach, allaigineach nó allaphlaisteacha, glóthach pláitíneach uathlógach) le haghaidh athghiniúint treoraithe cnámha agus fíocháin:

- i gcás éalanga chnámha máinliachta nó éalanga ar an mballa cnáimh
- le linn ardú chuas mascailleach (Sinus lift) le linn méadú toirte nó athchruthú ar an gcírín ailbheolach
- i gcóireáil éalanga pollta
- i gcás éalanga chnámha pearódóntacha (éalanga ar cheann amháin-trí bhallaí, éalanga foirciú de aicme I, II);
- i gcóireáil oscailt
- i ndiaidh aipiceachtóime, cisteachtóime, lúbfhuadú fiacla comhdhingthe agus athghearradh éalanga chnámha eile
- in ailbheolais iar-stoitheacha i ndiaidh fiacail a bhaint
- i gcás méadú láithreach nó iarchurtha thart timpeall ar na hionphlandaí sna hailbheolais iar-stoitheacha

### Treoracha úsáide

Ná usáidtear RE-BONE® ag aon duine eile ach dochtúirí a bhfuil oiliúint phroifisiúnta feiliúnach acu agus dá bhrí sin ag saineolaithe i dteicnící athghiniúint treoraithe cnámha agus fíocháin.
Is féidir na hionadaithe cnáimhe i mbloicíní a ghearradh tirim nó fliuch le bur fiacla, agus iad a mhúnlaigh chun na toisí agus an cruth atá ag teastáil a dhéanamh, ag braith ar an éalang le cóiriú. Chun an cruth atá ag teastáil a aimsiú, is féidir go mbeadh úsáid DIME feiliúnacha cúntach.
Ní mór cloí leis na prionsabail ghinearálta ó thaobh steirilíocht agus cógas an othair le linn an bhforchuir.
Déan láthair an ionphlandú a ullmhú mar is cóir, ag fail réidh le hiarmhair de fhíochain snáithíneach agus más gá poll an fíocháin faighteora chun cuidiú leis an chéim tosaigh den athghiniúint.
Is féidir an táirge a hiodráitiú le sailíne fhiseolaíoch nó le APG® (Pláitíní Glóthacha Uathlógacha) ar féidir iad a fháil in éineacht leis na táirgí sa réimse GF-ONE®.
Caithfear an éalang a bheith líonta go hiomlán leis na gráinníní. Mar sin féin, chun a bheith cinnte go bhfuil an chréacht dúnta gan teannas, tá sé bunriachtanach gan an iomarca a chur isteach ann.
Caithfear na gráinníní san áit mícheart a bhaint amach ón bhfíocháin bog.
Tá sé tábhachtach cinntiú go ndúntar an chréacht gan teannas agus nach bhfuil aon seile ligthe isteach.
I gcásanna áirithe moltar úsáid a bhaint as sraith chnámh spúinseach uathlógach ar fhorchuir ghráinníní RE-BONE® liopach agus béal, chomh maith leis an sraith sin a chlúdú leis an pearoistéam nó le– scannán.
I ndiaidh an obráid, ní mór don othar cloí leis na treoracha a thugann an fiaclóir maidir le sláinteachas béil.
I bhfoirm ghráinneach, tá RE-BONE® ar fáil le forchuradóir steallaire freisin. Tá na páirteanna seo a leanas sa bhfeiste: steallaire le suncaire, laghdaitheoir le haghaidh asú leachtanna agus claibín. Caithfear cloí leis na prionsabail ghinearálta ó thaobh steirilíocht agus cógas an othair nuair atá sé á húsáid.

- Faigh réidh go huile agus go hiomlán leis an bhfíocháin gránucháin tar éis nochtadh na héalainge
- Bain an fheiste amach as an spuaicphaca
- Ag coinneáil greim daingean ar an steallaire RE-BONE® ag leibhéal an laghdaitheora le haghaidh asú leachtanna, cas an claibín is seachtraí chun é a oscailt
- Ón oscailt, déan na gráinníní atá ann a hiodráitiú le sailíne fhiseolaíoch, fuil ón othair nó comhdhlúthúchán pláitíní, ag brú siar agus aniar an suncaire go dtí go bhfuil na gráinníní ath-hiodráithe go hiomlán.
- Brú an suncaire chun na gráinníní RE-BONE® a athdhéanamh agus dóirt amach an leacht sa bhreis
- Cas an laghdaitheoir le haghaidh asú leachtanna chun é a oscailt
- Cuir an t-ionadaí cnáimhe air an láthair mháinliach

### Fritásca, rabhaidh

Tá sé éigeantach go raibh an dochtúir cinnte de chás chliniciúil ghinearálta agus logánta an othair, agus measúnú a dhéanamh ar an bhfuil fritásca nó nach bhfuil chun an cóiriú a thabhairt. Ó thaobh sláinte ghinearálta de, caithfear measúnú an bhfuil na riochtaí sláinte seo a leanas ann: cliseadh cardashoithíoch agus/nó riospráide, siadaí, diaibéiteas díchúitithe, agus araile. Tá sé tábhachtach measúnú logánta a dhéanamh chomh maith.

- Ná bain úsáid as an t-ionadaí cnáimhe RE-BONE® sna hothair a bhfuil:
- géarinfhabhtuithe sa bhéalchuas nó athlasadh ghéar nó ainsealach orthu i láthair an t-ionchlannáin.
- galair sistéamacha nár ceadaítear obráidí bhéil-mascailleach-ghnúiseach, ionphlandeolaíocht, pearadointeolaíocht, ionódóntaic nó obráidí mháinliachta béil eile dóibh orthu
- hipiríogaireacht aitheanta i leith chnámh le bunús buaibheach orthu

Níl staidéar déanta maidir le fhorchuir an ionadaí cnáimhe le bunús buaibheach le linn toirchis agus beathú cíche, nó ar an tionchar atá aige ar atáirgeadh daonna. Sula nódaíonn sé an ionadaí cnáimhe RE-BONE® tá dualgas ar an bhfiaclóir mar sin measúnú ar leith a dhéanamh de na buntáistí don mháthair agus na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith in ann don pháiste.
Níl sonraí ar fáil a chuirfeadh in iúl go bhfuil gá céimeanna áirithe réamhchúramacha a thógáil mar gheall ar aois an othair.

### Fothorthaí

- I bhfíor-chorrchás d'fhéadfadh frithghníomhaithe ailléirgeacha nó éadulaingt ar an t-ionadaí cnáimhe le bunús buaibheach a tharlú.
- I bhfíor-chorrchás d'fhéadfadh frithghníomhaithe fhíocháin athlastacha a tharlú de bharr tamall fada ionsúchán.
- Mar atá fíor le haon ábhar coimhthíoch, d'fhéadfadh ionfhabhtuithe phoitéinsiúla logánta a bhí ann cheana imeacht in olcas mar gheall ar nódú an t-ionadaí cnáimhe RE-BONE®.
- D'fhéadfadh cúrsaí dul in aimhréidh ginearálta fiú amháin i rith na hobráide, mar shampla d'fhéadfadh an drandal crapadh, an drandal a chur fola go tiubh, at a theacht ar an bhfíochán bog, mothálacht i leith an tsolais, scamhadh eipitéiliam an drandail gar don liopóg, athionsúchán nó ancalóis den fréamh cóireáilte, beagán cailliúint ar airde chirín na chnáimhe, ionfhabhtuithe, pianta nó aimhréidheanna a bhfuil baint acu le ainéistéitic.

### Idirghníomhú le táirgí agus modhanna eile

- D'fhéadfadh éifeachtúlacht an t-ionadaí cnáimhe RE-BONE® laghdú de bharr coscairí chomhbhailiúcháin agus cógais antaithéachtacha, toisc go bhfuil seans ann go bhféadfadh na táirgí seo tionchar a imirt ar fhuiltéachtadh.
- Níl aon idirghníomhú aitheanta san athshondais mhaighnéadaigh agus, nuair a áirítear comhshuíomh bhithcheimiceach an t-ionadaí cnáimhe RE-BONE®, níl na hidirghníomhaithe sin intuartha.

### Rabhaidh, céimeanna réamhchúramacha

- Tá an t-ionadaí cnáimhe RE-BONE® beartaithe a bheith úsáidte le haghaidh na feidhmeanna thuasluaite amháin. Níor tástáladh an feiste i dtéarmaí cliniciúla ar othair a bhfuil éalang mháinliach, ionphlandeolaíochta, ionódóntacha nó pearódóntacha an-thromchúiseach orthu.
- Is é an bhfiaclóir atá freagrach as na h-othair a chur ar an eolas mar gheall ar na fritásca agus fothorthaí féideartha, agus na céimeanna réamhchúramacha atá ag teastáil. Má thárlaíonn tinneas iarobráide, mar shampla pianta, ionfhabhtuithe nó siomptóim neamhghnácha eile, caithfidh an t-othar comhairle a fháil ón bhfiaclóir láithreach.
- Caithfear na hothair ar a bhfuil droch-ghalar sistéamacha (m. sh. diabetes mellitus nach bhfuil rialaithe go cuí, droch-hipirtheannas, droch-ghalar oclúideach artaireach forimeallach, siadaí urchóideacha nó galair uath-imdhíonachta) nó na hothair sin a bhfuil orthu, mar shampla, dul faoi cóiriú fad-téarmach le stéaróideach nó faoi theiripe antaithéachtach, a bhainistiú go mionchúramach, mar a dhéantar i ngach ghnáthamh máinliachta.
- Caithfear tuairisciú a dhéanamh ar aon eachtra thromchúiseach a thárlaíonn atá baint aige leis an bhfeiste leighis curtha ar fáil againne go dtí an déantóir agus go dtí na húdaráis inniúla sa mballstát ina bhfuil sé suite.

UBGEN S.r.l.
Viale del Lavoro, 14 - 35010 Vigonza (PD) Italy
**ubgen.com**

CE 0373
Rev. 04 - 07/2022

UBGEN SPECIALISTS OF BONE SURGERY IN DENTISTRY

Eochair eolais

| | |
|---|---|
| UDI | SAINAITHINT UATHACH NA GLÉAS |
| REF | CÓDUIMHIR THÁIRGE |
| LOT | UIMHIR OIRD |
| MD | FEISTE LEIGHIS |
| | DÁTA DÉANTÚSAÍOCHTA |
| | DÁTA ÉAGA |
| STERILE R | STEIRIÚIL GÁMA-GHA |
| 5°C 30°C | TEOCHT STÓRÁLA 5°C - 30°C |
| | STÓRÁIL IN ÁIT TIRIM |
| | COSAIN Ó SHOLAS NA GRÉINE |
| | LÉIGH NA TREORACHA ÚSÁIDE<br>AR FÁIL AG AN NASC:<br>https://www.ubgen.com/client/area-download.html |
| | NÁ HÚSÁIDTEAR I GCÁS PACÁISTE DAMÁISTITHE |
| | AON UAIRE |
| STERILIZE | NÁ HATHSTEIRILÍTEAR |

UBGEN S.r.l.
Viale del Lavoro, 14 - 35010 Vigonza (PD) Italy
**ubgen.com**

CE 0373

Rev. 04 - 07/2022